Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10163/23**

**TRANS 225**
**FIN 589**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9662/23 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Iompar lastais idirmhódúil: tá an tAontas fós i bhfad ó lastas a bhaint den bhóthar' - Conclúidí ón gComhairle (an 1 Meitheamh 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, dar teideal 'Iompar lastais idirmhódúil: tá an tAontas fós i bhfad ó lastas a bhaint den bhóthar', mar a d'fhormheas an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh iad ag an gcruinniú a bhí aici an 1 Meitheamh 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

'Iompar lastais idirmhódúil:
tá an tAontas fós i bhfad ó lastas a bhaint den bhóthar'

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal '*Iompar lastais idirmhódúil: tá an tAontas fós i bhfad ó lastas a bhaint den bhóthar*'.

2. DEIR SÍ go ndéantar measúnú sa Tuarascáil ar éifeachtacht thacaíocht rialála agus airgeadais an Aontais d'iompar lastais idirmhódúil ó 2014 i leith agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh an t-iniúchadh i 7 mBallstát agus gur scrúdaíodh sampla de 16 thionscadal.

3. CUIREANN SÍ I dTREIS gur príomhchuspóir de bheartas iompair an Aontais i gcónaí é aistriú i dtreo iompar níos inbhuanaithe a chur chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs na gcuspóirí aeráide a leagtar amach do 2030 agus 2050 mar a leagtar amach iad sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas agus sa Dlí Aeráide Eorpach agus a leagtar béim bhreise orthu sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe.

4. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2016 maidir le Tuarascáil Speisialta Uimhir 8/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Iompar lastais d'iarnród san Aontas Eorpach: fós ar seachrán'[1]; na conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2021 maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste — iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí'[2]; agus na Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2021 maidir leis '*An tIarnród a chur ar Thús Cadhnaíochta sa tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste*'[3].

[1] 13231/16
[2] 9324/21
[3] 8790/21

5. TACAÍONN SÍ le haistriú módach san iompar ó bhóithre go hiompar d’iarnród, d’uiscebhealaí intíre agus do loingseoireacht ghearrthurais agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na buntáistí a bhaineann leis an méadú ar úsáid an iompair idirmhódúil, rud a chuireann le córas iompair lastais níos sábháilte, níos athléimní agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, ar córas é a d’fhéadfadh an brú ar bhóithre plódaithe an Aontais a mhaolú freisin.

6. MEABHRAÍTEAR DI cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm bhearta beartais an Aontais agus na mBallstát le blianta beaga anuas a bhfuil sé d’aidhm acu feabhas a chur ar fheidhmíocht an iompair lastais inbhuanaithe ó thaobh méideanna arna n-iompar agus an sciar módach méadaithe.

7. ADMHAÍONN SÍ, áfach, go bhfuil gá le hiarrachtaí neartaithe sa chur chuige maidir le hiompar lastais níos inbhuanaithe de réir mar a leanann astaíochtaí gás ceaptha teasa de bheith ag méadú.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-ailíniú atá beartaithe maidir leis na Conairí Iompair Eorpacha a thiocfaidh in ionad na gConairí Lasta Iarnróid agus na gConairí Croíghréasáin lena n-áiritheofar tuilleadh comhleanúnachais i bhforbairt an ghréasáin agus lena gcuirfear le sineirgí idir an bonneagar agus gnéithe oibríochtúla an ghréasáin.

9. TÁ SÉ Á FHEICEÁIL DI trí Ghréasán Thras-Eorpach Iompair (TEN-T) a thabhairt chun críche, an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) a imscaradh go forleathan agus ceanglais theicniúla agus oibríochtúla a chomhchuibhiú a thuilleadh, go mbainfear amach córas iompair idirmhódúil níos éifeachtúla, níos saoire agus níos comhtháite, agus fás leanúnach iompair lastais idirmhódúil á chumasú ar an gcaoi sin.

10. AITHNÍONN SÍ gur príomhghné é an bonneagar is gá, mar shampla críochfoirt trasloingsithe, chun an t-aistriú módach a bhaint amach.

11. AITHNÍONN SÍ go bhfuil méid suntasach cistiúcháin curtha ar fáil ag an Aontas faoi CFRE/CC, SCE agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus ag na Ballstáit chun tacú le tionscadail iompair ilmhódaigh; MEABHRAÍTEAR DI, áfach, gur gá infheistíochtaí i mbonneagar iompair lasta idirmhódúil agus rothstoc a chomhlánú le hacmhainní airgeadais iomchuí ar leibhéal an Aontais agus ón earnáil phríobháideach agus ón leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun oibriú agus cothabháil leordhóthanach an ghréasáin iompair phoiblí a áirithiú.

12. TÁ SÍ AG SÚIL le tionscnaimh atá ar na bacáin lena bhféadfaí deis bhreise a chur ar fáil chun córas iompair lasta idirmhódúil níos comhtháite, níos inbhuanaithe agus níos iomaíche a thógáil san Aontas.